

An Bhruiséil, 25 Meitheamh 2026
(OR. en)

11024/26

ECOFIN 893
RELEX 882
NIS 1
MED 32
COEST 506
ECB
EIB

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	23 Meitheamh 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 294 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le cur chun feidhme cúnaimh macrairgeadais do thríú tíortha in 2025

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 294 final.

Faoi iamh: COM(2026) 294 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.6.2026
COM(2026) 294 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

maidir le cur chun feidhme cúnaimh macrairgeadais do thríú tíortha in 2025

{SWD(2026) 160 final}

CLÁR

1. RÉAMHRÁ.....	2
2. OIBRÍOCHTAÍ MACRAIRGEADAIS IN 2025	3
2.1 Comharsanacht an Oirthir	4
• An Úcráin.....	4
2.2 Comharsanacht an Deiscirt.....	6
• An Éigipt.....	6
• An Iordáin.....	7
2.3 Na Balcáin Thiar	9
• An Mhacadóin Thuaidh	9
3. A ÁIRITHIÚ GO NÚSÁIDFEAR CISTÍ CÚNAIMH MACRAIRGEADAIS I GCEART: MEASÚNUITHE OIBRÍOCHTÚLA AGUS MEASTÓIREACHTAÍ <i>EX POST</i>.....	10
3.1 Measúnuithe oibríochtúla.....	10
3.2 Meastóireachtaí	12
4. FORBAIRTÍ GINEARÁLTA MAIDIR LEIS AN IONSTRAIM CÚNAIMH MACRAIRGEADAIS	13
4.1 Feidhmiú na hionstraime cúnaimh macrairgeadais	13
4.2 Cúnamh macrairgeadais i gcreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027	14
4.3 Cúnamh macrairgeadais mar a mholtar sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile 2028-2034, togra ón gCoimisiún	15
5 AG BREATHNÚ CHUN CINN – OIBRÍOCHTAÍ CÚNAIMH MACRAIRGEADAIS AGUS AN STAID BHUISÉADACH IN 2026.....	16
Tábla 1: Gealltanais agus íocaíochtaí le haghaidh deontais cúnaimh macrairgeadais agus eisíocaíochtaí iasachtaí cúnaimh macrairgeadais 2023-2026 (EUR)	19

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le cur chun feidhme cúnaimh macrairgeadais do thríú tíortha in 2025¹

1. Réamhrá

Ionstraim airgeadais² de chuid an Aontais atá i gcúnamh macrairgeadais ar cúnamh é a sholáthraítear do thíortha comhpháirtíochta atá thíos le deacrachtaí i gcomhardú na n-íocaíochtaí. Ó tugadh isteach an cúnamh macrairgeadais in 1990, rannchuidíodh leis an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus airgeadais a neartú i dtíortha atá i gcomharsanacht an Aontais nó atá gar don Aontas ó thaobh na tíreolaíochta de, lena n-áirítear tíortha is iarrthóirí, agus thacaigh sé an tráth céanna le hathchóirithe struchtúracha a chur chun feidhme. Go ginearálta, tá a sholáthar ag brath ar shocrú a bheith ann leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI), nach socrú réamhchúraim é. Tá feidhm ag réamhchoinníoll polaitiúil freisin maidir le hoibríochtaí cúnaimh macrairgeadais, lena gceanglaítear go n-urramófar cearta an duine agus sásraí daonlathacha éifeachtacha, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí agus an smacht reachta, agus prionsabail agus cuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a leagtar síos in Airteagal 21(1) CAE á gcomhlíonadh.

Tá cúnamh macrairgeadais ceaptha chun brúnna láithreacha maoinithe sheachtraigh a mhaolú agus chun cuidiú le bunchúiseanna an struis i gcomhardú na n-íocaíochtaí a réiteach. Trí chúnamh airgeadais tráthúil spriocdhírith a chur ar fáil, cuireann sé ar a gcumas do thíortha is tairbhithe an spás físcach a mhéadú, inbhuanaitheacht fiachais a fheabhsú, agus na hathchóirithe is gá a chur chun cinn. Trí chonair an choigeartaithe mhaicreacnamaíoch a réiteach, is féidir le hoibríochtaí cúnaimh macrairgeadais drochthionchair eacnamaíocha agus shóisialta a mhaolú, rud a thabharfaidh dóthain ama do thíortha comhpháirtíochta aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna a ngéarchéime maidir le comhardú na n-íocaíochtaí.

Soláthraítear cúnamh macrairgeadais i bhfoirm iasachtaí lamháltais fadtéarmacha den chuid is mó, cé go bhféadfadh oibríochtaí iasachtaí agus deontais a chomhcheangal i gcás inarb iomchuí. Maoinítear iasachtaí cúnaimh macrairgeadais faoi straitéis chistiúcháin éagsúlaithe an Aontais, trína n-eisíonn an Coimisiún bannaí aonbhranda de chuid an Aontais agus trína ndíríonn sé na fáiltais isteach i gcomhthiomsú cistiúcháin lárnach lena maoinítear cláir bheartais iomadúla an Aontais, lena n-áirítear cúnamh macrairgeadais. Déantar deontais cúnaimh macrairgeadais a mhaoiniú go díreach ó bhuiséad an Aontais.

¹ Tá an tuarascáil seo bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil go dtí mí Aibreáin 2026.

² Is é Airteagal 212 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí le haghaidh cúnamh macrairgeadais do thríú tíortha seachas tíortha i mbéal forbartha. Féadfadh Airteagal 213 CFAE a úsáid mar bhunús dlí i gcás ina bhfuil cúnamh airgeadais práinneach de dhíth ar an tríú tír.

De ghnáth, scaoiltear cúnamh macrairgeadais i dtráthchodanna, faoi réir chomhlíonadh coinníollacha beartais eacnamaíoch atá sainithe go soiléir agus a chomhaontaítear leis an tír chomhpháirtíochta. Comhlánaíonn cúnamh macrairgeadais cúnamh comhair tráthrialta an Aontais agus cuireann sé le cuspóirí níos leithne an Aontais maidir le cobhsaíocht a chosaint, rathúnas a chothú, agus luachanna an Aontais a chur chun cinn lasmuigh dá theorainneacha. Tacaítear leis an measúnú sin le roinnt meastóireachtaí *ex post* neamhspleácha ar oibríochtaí cúnamh macrairgeadais³, agus le meitimheastóireacht 2023 lena gcuimhdaítear gach oibríocht cúnamh macrairgeadais a ndearnadh meastóireacht orthu idir 2010 agus 2020⁴.

In 2025, lean an ionstraim cúnamh macrairgeadais dá hacmhainneacht freagairt go tapa agus go héifeachtach d'imthosca eisceachtúla a léiriú, agus ag an am céanna a príomhmhisean a choinneáil ar bun maidir le cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a chosaint agus athchóirithe struchtúracha a chur chun cinn. San Úcráin, d'eisíoc an tAontas EUR 18,1 billiún in iasachtaí cúnamh macrairgeadais mar chuid de thionscnamh G7 'Iasachtaí lena nGéaraítear an tIoncam Urghnách don Úcráin'⁵. Cé go raibh an tacaíocht sin sonrach ó thaobh gnéithe de, mar a bhí i gcás oibríochtaí cúnamh macrairgeadais roimhe seo, bhí sé d'aidhm aici aghaidh a thabhairt ar ghéar-riachtanais mhaoiniúcháin na tíre agus tacú lena hathléimneacht eacnamaíoch, i measc ionsaithe leanúnacha ón Rúis as ar eascair damáiste mór do bhonneagar criticiúil na hÚcráine agus iarmhairtí maicreacnamaíocha suntasacha. An tráth céanna, chuidigh oibríochtaí cúnamh macrairgeadais don Éigipt agus don Iordáin lena ngeilleagair a chobhsú i measc dúshlán mhéadaithe a d'eascair as an staid réigiúnach chasta éagobhsaí sa Mheánoirthear agus as an ngá atá le dlús a chur le hathchóirithe struchtúracha tábhachtacha.

Ullmhaíodh tuarascáil bhliantúil cúnamh macrairgeadais 2025 i gcomhréir le hoibleagáidí tuairiscithe an Choimisiúin faoi dhlí an Aontais. Tá doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin ag gabháil leis, lena soláthraítear measúnú níos mionsonraithe ar chur chun feidhme oibríochtaí cúnamh macrairgeadais aonair.

2. OIBRÍOCHTAÍ MACRAIRGEADAIS IN 2025

In 2025, sholáthair an tAontas cúnamh macrairgeadais don Úcráin, don Éigipt agus don Iordáin.

I bhfianaise chogadh foghach leanúnach na Rúise, ba í an Úcráin an faighteoir cúnamh macrairgeadais ba mhó fós, agus eisíocadh EUR 18,1 billiún i rith na bliana mar chuid de thionscnamh Mhear-iasachtaí G7, faoinar cuireadh EUR 45 bhilliún san iomlán in iasachtaí ar fáil, a bhí le haisíoc ó ioncaim urghnácha ó shócmhainní ceannasacha blocáilte na Rúise. I gComharsanacht an Deiscirt, i mí an Mheithimh 2025 d'fhormheas na comhreachtóirí oibríocht cúnamh macrairgeadais EUR 4 bhilliún don Éigipt, ar eisíocadh

³ Tá na meastóireachtaí *ex post* uile le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin: https://ec.europa.eu/info/evaluation-reports-economic-and-financial-affairs-policies-and-spending-activities_ga.

⁴ Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, Meastóireacht ar chúnamh macrairgeadais do thríú tíortha (meitimheastóireacht ar oibríochtaí le haghaidh 2010-2020), SWD(2023) 16.

⁵ Rialachán (AE) 2024/2773 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2024 lena mbunaítear an Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin agus lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin, IO L, 2024/2773, 28.10.2024.

EUR 1 bhilliún di i mí Eanáir 2026. Ina theannta sin, i mí Aibreáin 2025, d'fhormheas na comhreachtóirí oibríocht cúnaimh macrairgeadais EUR 500 milliún don Iordáin, agus eisíocadh EUR 250 milliún i mí Mheán Fómhair 2025. I mí Lúnasa 2025, mhol an Coimisiún oibríocht cúnaimh macrairgeadais bhreise EUR 500 milliún le haghaidh na hIordáine. Ar deireadh, maidir leis na Balcáin Thiar, ní dhearnadh aon dul chun cinn breise leis an oibríocht cúnaimh macrairgeadais leanúnach don Mhacadóin Thuaidh ar fiú EUR 100 milliún í.

2.1 Comharsanacht an Oirthir

• An Úcráin

I bhfianaise an scriosta mhóir a rinneadh ar chaipiteal daonna agus fisiceach ó rinne an Rúis ionradh iomlán in 2022, lean geilleagar na hÚcráine d'athléimneacht shuntasach a léiriú, cé go bhfuil moill shuntasach tagtha ar an bhfás le ráithí anuas. Tar éis méadú 3,5 % in 2024, tháinig laghdú ar fhíorfhás OTI in 2025 go 1,8 % mar gheall ar ionsaithe níos déine ar bhonneagar fuinnimh, ganntanas lucht saothair agus srianta leanúnacha acmhainneachta. Lean an geilleagar de bheith ag brath go mór ar fheidhmiú conairí onnmhairiúcháin tríd an Muir Dhubh agus tríd an Danóib, chomh maith le cúnamh airgeadais idirnáisiúnta marthanach, lena n-áirítear tacaíocht faoi Chúnamh Macrairgeadais faoin tionscnamh Iasachtaí lena nGéaraítear an tIoncam Urghnách don Úcráin agus faoin tSaoráid don Úcráin de chuid an Aontais. Tháinig dlús leis an mboilsciú go luath in 2025 le linn suaitheadh fuinnimh, brúnna i bpraghsanna bia agus fás láidir pá, ach tá maolú mór tagtha air ó shin, agus shroich sé 7,4 % i mí Eanáir 2026. Bhí sé sin mar thoradh go páirteach ar sheasamh daingean airgeadaíochta Bhanc Náisiúnta na hÚcráine le linn 2025, a maolaíodh le déanaí agus laghdaíodh an príomhráta beartais go 15 % i mí Eanáir 2026. Tá an staid sheachtrach fós leochaileach, agus meastar go mbeidh an t-easnamh sa chuntas reatha fós suntasach ag thart ar 14,5 % de OTI in 2025, rud a léiríonn éileamh ard ar allmhairí a bhaineann le riachtanais chosanta, fuinneamh agus atógáil, agus laghdú de réir a chéile ar mhaoiniú deontais. Tá an t-airgeadas poiblí fós faoi bhrú mór, agus is é 19,5 % de OTI an t-easnamh i mbuiséad an stáit, rud a léiríonn caiteachas leanúnach cogaidh agus riachtanais atógála, d'ainneoin bearta cánach nua arb é is aidhm dóibh ioncam a neartú. Go dtí seo, d'fhan an earnáil baincéireachta cobhsaí agus dea-chaipitlithe, le tacaíocht ó rialáil stuama agus leachtacht láidir, in ainneoin na timpeallachta oibriúcháin thar a bheith dúshlánach. Ag féachaint chun cinn, tá ionchais eacnamaíocha fós an-éiginnte agus tá srian orthu mar gheall ar scriosadh leanúnach an bhonneagair fuinnimh agus tháirgiúil, ganntanas lucht saothair, agus cúrsa dothuartha an chogaidh. I bhfianaise an mhéid sin, tá tacaíocht airgeadais idirnáisiúnta leanúnach intuartha rithabhachtach i gcónaí chun an chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a chaomhnú agus chun é a chur ar a cumas don Úcráin leanúint de bheith ag cur in aghaidh chogadh foghach na Rúise.

Tar éis oibríochtaí cúnaimh macrairgeadais i ndiaidh a chéile, a d'eisíoc EUR 25,2 billiún san iomlán ó thús chogadh foghach dearg na Rúise go dtí deireadh 2023, lean an cogadh de bhrú mór a chur ar airgeadas poiblí na hÚcráine. Mar thoradh air sin, bhí gá le maoiniú breise in 2025 chun aghaidh a thabhairt ar bhearna mhaoinithe na tíre.

I bhfianaise an mhéid sin, ag an gcrúinniú mullaigh a bhí acu i mí an Mheithimh 2024 in Apulia na hIodáile, gheall ceannairí G7 a sholáthar don Úcráin EUR 45 bhilliún de mheairiasachtaí G7, a bheidh le haisíoc trí úsáid a bhaint as ioncaim urghnácha a ghinfear amach anseo ó shócmhainní ceannasacha blocáilte na Rúise atá á sealbhú san Aontas agus i ndlínsí ábhartha eile. Ag tógáil ar an ngealltanas sin, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/2773 an 24 Deireadh Fómhair 2024, a tháinig i bhfeidhm an 29 Deireadh Fómhair 2024. Tar éis ranníocaíochtaí chomhpháirtithe G7 a dheimhniú ag cruinniú Airí Airgeadais G7 an 25 Deireadh Fómhair 2024, dheimhnigh an tAontas iasacht cúnaimh macrairgeadais EUR 18,1 billiún don Úcráin, atá le heisíoc in aon tráthchuid amháin. Ghlac an Coimisiún an Cinneadh lena n-údaraitear scaoileadh na tráthchoda aonair an 18 Nollaig 2024, tar éis dó measúnú a dhéanamh gur comhlíonadh na coinníollacha beartais a ghabhann leis an tráthchuid⁶. Cumhdaíodh leis na coinníollacha sin príomhréimsí athchóirithe, lena n-áirítear cobhsaíocht mhacrairgeadais, fiontair faoi úinéireacht stáit, riarachán poiblí, fuinneamh, an smacht reachta agus frithéilliú, agus cosaint. Ceapadh iad mar chéimeanna eatramhacha chun bearta níos leithne a chur chun feidhme faoi Phlean na hÚcráine.

Eisíocadh méid iomlán an chúnaimh macrairgeadais in 2025 i dtráinsí, agus rinneadh an eisíocaíocht tosaigh EUR 3 bhilliún i mí Eanáir. Ní dhearnadh aon eisíocaíocht i mí Feabhra mar gheall ar an tús-ualú páirteach sin. Ina dhiaidh sin, lean eisíocaíochtaí sceideal cobhsaí, agus cuireadh síneadh le tráinsí EUR 1 bhilliún idir mí an Mhárta agus mí Mheán Fómhair 2025. De réir mar a ghéaraigh an chogaíocht túslíne, sháraigh riachtanais mhaoiniúcháin mhíleata na hÚcráine in R4-2025 na meastacháin a rinneadh roimhe sin. Leis an tsolúbthacht atá leabaithe sa sceideal eisíocaíochta, bhíodhas in ann tráinse EUR 6,1 billiún, a bhí beartaithe ar dtús do mhí na Nollag 2025, a thús-ualú agus cur leis na heisíocaíochtaí tráthrialta i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2025. Dá bhrí sin, eisíocadh EUR 4 bhilliún i mí Dheireadh Fómhair 2025 agus EUR 4,1 billiún i mí na Samhna 2025.

Leanadh de mheasúnú dearfach a dhéanamh ar an réamhchoinníoll polaitiúil i rith na bliana, bunaithe ar mheastóireachtaí leanúnacha arna ndéanamh ag seirbhísí an Choimisiúin agus ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí. Mar sin féin, b'ábhair inní forbairtí i mí Iúil 2025 a rinne difear don chreat institiúideach lena rialaítear neamhspleáchas na gcomhlachtaí in aghaidh an éillithe – go háirithe Oifig Náisiúnta na hÚcráine in aghaidh an Éillithe agus Oifig an Ionchúisitheora Speisialaithe in aghaidh an Éillithe; measadh go bhféadfaidís a bheith ina gcéim shuntasach siar ó thaobh neamhspleáchas na bpríomhinstitiúidí frithéillithe a chosaint. Chuaigh an Coimisiún i ndlúthchomhar le húdarais na hÚcráine chun an cás a aisiompú, neamhspleáchas Oifig Náisiúnta na hÚcráine in aghaidh an Éillithe agus Oifig an Ionchúisitheora Speisialaithe in aghaidh an Éillithe a athbhunú, agus chun a áirithiú gur tugadh aghaidh go leordhóthanach ar aon riosca don neamhspleáchas institiúideach sula ndéanfaí aon

⁶ Rátháíodh iasacht Cúnaimh Macrairgeadais faoin tionscnamh Iasachtaí lena nGéaraítear an tIoncam Urghnách don Úcráin le lamháltas bhuiséad an Aontais. I bhfianaise thréimhse infhaighteachta an lamháltais, chun go mbainfeadh an iasacht tairbhe as an ráthaíocht sin, b'éigean an cinneadh maidir le scaoileadh le haghaidh na tráthchoda aonair a ghlacadh faoin 24 Nollaig 2024.

eisiocaíocht faoin gcúnamh macrairgeadais (agus an íocaíocht á coinneáil siar go dtí go réiteofaí an cás).

Ag an am céanna, d'éirigh leis an Úcráin roinnt athbhreithnithe a thabhairt chun críche faoi shocrú CAI maidir le Saoráid Fhadaithe Chistiúcháin 2023, rud a chuir i dtábhacht a tiomantas leanúnach d'athchóirithe a chur chun cinn d'ainneoin imthosca thar a bheith dúshlánach.

2.2 Comharsanacht an Deiscirt

• An Éigipt

Bhí dálaí dúshlánacha maicreacnamaíocha ag an Éigipt ag tús na deacáide atá ann faoi láthair le linn suaití seachtracha iomadúla, amhail paindéim COVID-19, an cogadh in Gaza agus na hionsaithe ar longa sa Mhuir Rua. Chruthaigh dul chun cinn mall maidir le hathchóirithe eacnamaíocha éiginnteacht agus chuir sé bac ar infheistíocht eachtrach. Shroich fíorfhás OTI na hÉigipte 4,4 % sa bhliain fhioscach ó mhí Iúil 2024 go mí an Mheithimh 2025 (bliain fhioscach 2024-25) agus cuireadh dlús breise leis go 5,3 % bliain ar bhliain in L2-2025. Agus dul chun cinn déanta maidir le beartais mhaicreacnamaíocha a bhainistiú, tionchar léirscaoileadh an ráta malairte in 2024 agus roinnt feabhsuithe ar an timpeallacht ghnó, thosaigh an staid ag feabhsú. Ba iad an tomhaltas príobháideach agus an infheistíocht phríobháideach ba mhó ba chúis leis an bhfás, agus tháinig laghdú ar an infheistíocht phoiblí. Bhí rannchuidiú glan-onnmhairí earraí agus seirbhísí fós diúltach. Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta go 6,2 % in R4-2025, ó 6,4 % an bhliain roimhe sin. Tá an boilsciú cobhsaithe ag thart ar 12 % in L2-2025, síos ó 28,5 % in 2024. 7,2 % de OTI a bhí san easnamh rialtais ghinearálta sa bhliain airgeadais 2024/25, agus sháraigh íocaíochtaí úis ar fhiachas rialtais 10 % de OTI. Tháinig laghdú ar an bhfiachas poiblí go 84 % de OTI. Laghdaigh an t-easnamh sa chuntas reatha go 4,2 % de OTI sa bhliain airgeadais 2024-25, agus tháinig méadú ar sheoltáin ón obair thar lear agus ar fháltais ón turasóireacht, rud a fhritháiríonn go páirteach an t-easnamh trádála marsantachta atá ag dul i méid. 3,3 % de OTI sa bhliain airgeadais 2024-25 a bhí i gceist leis an infheistíocht dhíreach eachtrach. Shroich glanchistí airgeadra eachtraigh an bhainc ceannais USD 53 bhilliún ag deireadh mhí Aibreáin 2026, méid is comhionann le 6 mhí d'allmhairí earraí agus seirbhísí, méadú i gcomparáid leis an USD 48,1 billiún a cláraíodh bliain roimhe sin. Mar sin féin, i bhfianaise a spleáchais ar ola agus gás allmhairithe, turasóireacht agus seoltáin tá an tír fós leochaileach do shuaití seachtracha, amhail an choinbhleacht sa Mheánoirthear a bhí ann le déanaí, fiú má fhágann na hiarrachtaí athchóirithe a rinneadh go bhfuil an Éigipt níos ullmhaithe ná mar a bhí sa ghéarchéim fuinnimh roimhe seo.

I mí an Mhárta 2024, thug an tAontas agus an Éigipt comhpháirtíocht straitéiseach chuimsitheach i gcrích ar mhaithe le rathúnas, cobhsaíocht agus slándáil chomhroinnte, agus pacáiste airgeadais suas le EUR 7,4 billiún mar bhonn taca léi i dtacaíocht ghearrthéarmach agus fhadtéarmach. I bhfianaise staid dheacair eacnamaíoch agus airgeadais na hÉigipte agus an ról atá aici mar thoisc chobhsaíochta thábhachtach i réigiún atá ag éirí níos luainí, mhol an Coimisiún tacú leis an Éigipt le dhá oibríocht cúnaimh macrairgeadais suas le EUR 5 bhilliún, arna roinnt (i) in oibríocht cúnaimh macrairgeadais

ghearrthéarmach EUR 1 bhilliún, agus (ii) in oibríocht cúnamh macrairgeadais thráthrialta suas le EUR 4 bhilliún. D'fhormheas an Chomhairle an cúnamh macrairgeadais gearrthéarmach de EUR 1 bhilliún i mí Aibreáin 2024⁷ agus eisíocadh ina iomláine é in aon tráthchuid amháin i mí na Nollag 2024.

D'fhormheas Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an oibríocht leantach EUR 4 bhilliún i mí an Mheithimh 2025⁸. Síníodh an Meabhrán Tuisceana, a bhí faoi réir na tuairime ó choiste na mBallstát, i mí Iúil 2025. Eisíocadh an chéad tráthchuid de EUR 1 bhilliún i mí Eanáir 2026 tar éis measúnú dearfach ar chur chun feidhme na 13 bheart beartais a bhaineann leis an gcéad tráthchuid (lena ndírítear ar airgeadas poiblí a neartú, cosaint shóisialta agus beartais mhargadh an tsaothair a fheabhsú, iomaíochas agus an timpeallacht ghnó a fheabhsú, agus tacú leis an aistriú glas), tar éis dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na céimeanna nithiúla inchreidte a cheanglaítear faoin réamhchoinníoll polaitiúil a bheith á gcur chun feidhme ag an Éigipt, agus tar éis do chlár CAI fanacht ar an mbóthar ceart. Tá sé beartaithe freisin an dara agus an tríú tráthchuid, arb ionann iad agus EUR 1,5 billiún an ceann, a eisíoc in 2026, faoi réir measúnú dearfach ar na coinníollacha.

Thug an Bord Feidhmiúcháin an ceathrú hathbhreithniú ar Shaoráid Fhadaithe Chistiúcháin CAI de USD 8 mbilliún i gcrích i mí an Mhárta 2025. Mar gheall ar mhoilleanna ar chur chun feidhme beartais, rinneadh an cúigiú hathbhreithniú a chumasc leis an séú hathbhreithniú agus rinneadh é i mí na Nollag 2025. D'fhormheas Bord Feidhmiúcháin CAI é i mí Feabhra 2026. Rachaidh clár CAI in éag i mí na Nollag 2026.

• An Iordáin

Tá éiginnteachtaí réigiúnacha leanúnacha fós ag cur isteach ar gheilleagar agus ionchas na hIordáine, d'ainneoin feidhmíocht mhaicreacnamaíoch atá athléimneach den chuid is mó. Tháinig borradh faoi fhíorfhás OTI na hIordáine go 2,7 % in R1-R3-2025, ó 2,4 % sa tréimhse chéanna in 2024. Bhí bonn leathan faoin bhfás in 2025, rud a léiríonn feabhas leanúnach ar sheirbhísí talmhaíochta, monaraíochta agus iompair, agus tháinig crapadh beag ar an mianadóireacht. Níor mhair an cur isteach ar aerthaisteal a bhí nasctha le teannas réigiúnach méadaithe le linn an tsamhraidh ar feadh i bhfad agus is cosúil nach raibh ach iarmhairtí teoranta aige sin ar an turasóireacht agus ar an trádáil. Ba é 1,8 % an meánbhoilsciú in 2025. I mí Mheán Fómhair 2025, rinne Banc Ceannais na hIordáine a ráta beartais a laghdú 25 bhonnphointe go 6,25 %, an chéad laghdú air ó bhí mí na Nollag 2024 ann, rud atá ailínithe den chuid is mó le héascú airgeadaíochta na Stát Aontaithe i bhfianaise phionnáil an dinar le dollar na Stát Aontaithe.

Laghdaigh an t-easnamh sa chuntas reatha go 7,4 % de OTI in L1-2025, ó 8,3 % de OTI an bhliain roimhe sin. Ba iad onnmhairí níos láidre earraí agus seirbhísí ba chúis leis an bhfeabhas sin, rud a fhritháiríonn fás allmhairí thar aon ní eile. Bhí easnamh 25,7 % de OTI ar thrádáil earraí, rud a bhí maolaithe go páirteach ag fáлтаis láidre turasóireachta. Mhéadaigh an infheistíocht dhíreach eachtrach go 4,0 % de OTI in L1-2025 (i gcomparáid le 3,1 % de OTI in 2024). D'fhan ollchistí eachtracha Bhanc Ceannais na hIordáine ard,

⁷ Cinneadh (AE) 2024/1144 ón gComhairle an 12 Aibreán 2024 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais gearrthéarmach do Phoblacht Arabach na hÉigipte, IO L, 2024/1144, 15.4.2024.

⁸ Cinneadh (AE) 2025/1267 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2025 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Phoblacht Arabach na hÉigipte, IO L, 2025/1267, 27.6.2025.

a raibh USD 24,6 billiún i gceist leo ag deireadh mhí na Samhna 2025, lena gcumhdaítear thart ar 8,8 mí d'allmhairí earraí agus seirbhísí. Réamh-mheastar go laghdóidh an t-easnamh rialtais láir foriomlán ó thart ar 5,3 % de OTI in 2025 go thart ar 4,8 % de OTI in 2026 (4,3 % de OTI in 2027), rud a léiríonn slógadh leanúnach ioncaim ionchasach agus smacht caiteachais. D'fhan fiachas poiblí agus fiachas a ráthaítear go poiblí ard ag 108,6 % de OTI ag deireadh 2025 (83,4 % de OTI glan ó shealúchais na Corparáide Slándála Sóisialta), le 42,2 % d'fhiachas seachtrach OTI. In 2025, choinnigh gníomhaireachtaí rátála creidmheasa rátáil chreidmheasa cheannasach na hIordáine ar bun ar ghrád amhantrach.

Chruthaigh ráig an chogaidh in Gaza i mí Dheireadh Fómhair 2023 iarmhairtí suntasacha, rud a mhéadaigh an brú ar shlándáil na hIordáine agus a thástáil a hathléimneacht eacnamaíoch. I bhfianaise an mhéid sin, d'iarr údaráis na hIordáine oibríocht nua cúnaimh macrairgeadais i mí Dheireadh Fómhair 2023. D'fhormheas na comhreachtóirí an oibríocht 'Cúnamh macrairgeadais IV' i mí Aibreáin 2025 le haghaidh EUR 500 milliún in iasachtaí⁹, agus an chéad eisíocaíocht EUR 250 milliún ina dhiaidh sin i mí Mheán Fómhair 2025. Bhí an chéad eisíocaíocht sin ag brath ar chomhlíonadh na réamhchoinníollacha, i.e. an réamhchoinníoll polaitiúil agus cuntas teiste sásúil faoi chlár CAI. Rinneadh an oibríocht a thús-ualú chun cabhrú leis an Iordáin freastal ar riachtanais phráinneacha maoinithe sheachtraigh i measc éagobhsaíocht réigiúnach mhéadaithe, agus cúiteamh páirteach á dhéanamh ag an am céanna ar an moill neamhghnách fada idir iarraidh mhí Dheireadh Fómhair 2023 agus glacadh mhí Aibreáin 2025. Bhí cuid den mhoill sin nasctha le toghcháin Pharlaimint na hEorpa in 2024 agus leis an bpróiseas bunaithe ina dhiaidh sin.

Tá na tráthchodanna eile de EUR 150 milliún agus EUR 100 milliún sceidealaithe do 2026 agus 2027, faoi réir chomhlíonadh na réamhchoinníollacha agus na gcoinníollacha beartais a comhaontaíodh sa Mheabhrán Tuisceana, lena ndírítear ar airgeadas poiblí a neartú, rialachas agus frith-éilliú a fheabhsú, cosaint shóisialta agus beartais mhargadh an tsaothair a fheabhsú, agus tacú leis an aistriú glas agus le timpeallacht ghnó níos dinimiciúla.

Tá dlúthchaidreamh na hIordáine le CAI fréamhaithe i socrú maidir leis an tSaoráid Fhadaithe Chistiúcháin 4 bliana a formheasadh i mí Eanáir 2024 a bhfuil rochtain iomlán aige atá coibhéiseach le thart ar USD 1,3 billiún, agus i socrú maidir le Saoráid Athléimneachta agus Inbhuanaitheachta a formheasadh i mí an Mheithimh 2025, a bhfuil rochtain aige atá coibhéiseach le thart ar USD 700 milliún. Rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí faoin dá shaoráid i mí Aibreáin 2026, nuair a tháinig CAI ar chomhaontú ar leibhéal na foirne leis na húdaráis; leagadh béim ann ar fheidhmíocht láidir an chláir in ainneoin timpeallacht sheachtrach atá ag éirí níos dúshlánaí mar thoradh ar an gcogadh is déanaí sa Mheánoirthear. Mheas CAI go bhfuil feidhmíocht fhioscach na hIordáine fós i gcomhréir le spriocanna an chláir, le tacaíocht ó bhailiú láidir ioncaim agus ó chaiteachas reatha smachtaithe. Tá na húdaráis tiomanta do chomhdhlúthú fioscach de réir a chéile a chothú chun cóimheas an fhiachais phoiblí a shocrú ar chonair anuas, rud atá fréamhaithe sa Straitéis Ioncaim Mheántéarmach agus i bhfeabhsuithe ar airgeadas fónais phoiblí, agus

⁹ Cinneadh (AE) 2025/793 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2025 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Ríocht Haisimíteach na hIordáine, IO L, 2025/793, 22.4.2025.

spás á chaomhnú ag an tráth céanna do chaiteachas riachtanach infheistíochta sóisialta agus poiblí.

I bhfianaise staid eacnamaíoch dhúshlánach agus riachtanais mhaoinithe shuntasacha nach bhfuiltear ag freastal orthu, d'iarr an Iordáin oibríocht bhreise 'MFA V' dar luach EUR 500 milliún i mí Eanáir 2025. Tugadh le fios san iarraidh go bhfuil an timpeallacht eacnamaíoch agus pholaitiúil ag dul in olcas, le suaithheadh réigiúnach a threisigh le linn 2024 i gcomhthéacs domhanda atá neamhchinnte cheana féin. D'fhormheas na comhreachtóirí an oibríocht nua i mí Eanáir 2026¹⁰, agus tá eisíocaíochtaí beartaithe thar 2026-2027 i gcomhthráth le MFA IV. Tá an chaibidlíocht maidir leis an Meabhrán Tuisceana fós ar siúl. Tá MFAnna IV agus V araon ina gcuid de chreat leathan na Comhpháirtíochta Straitéisí Cuimsithí idir an tAontas agus an Iordáin a tionscnaíodh i mí Eanáir 2025.

2.3 Na Balcáin Thiar

• An Mhacadóin Thuaidh

Tháinig dlús le fás OTI ó 3 % in 2024 go 3,5 % in 2025, arna spreagadh den chuid is mó ag infheistíocht de réir mar a tháinig dlús le hoibreacha ar thionscadail bóithre poiblí. Tháinig méadú freisin ar infheistíocht phríobháideach, le tacaíocht ó iasachtaí arna bhfóirdheonú ag an rialtas. D'fhan fás ar thomhaltas teaghlaigh ar an leibhéal céanna le bliain amháin roimhe sin (2,2 % bliain ar bhliain), agus méadú ar ioncaim indiúscartha réadacha mar bhonn taca leis mar gheall ar mhéaduithe ar phinsin agus ar phá le linn boilsciú a bheith ag maolú go sealadach, chomh maith le leathnú láidir creidmheasa. Tháinig rannchuidiú breise leis an bhfás ó thomhaltas poiblí (+ 5,3 %), rud a léiríonn méaduithe láidre ar phá na hearnála poiblí den chuid is mó. Tháinig téarnamh ar onnmhairí in 2025 (+ 6,1 %), tar éis laghdú, i dtéarmaí réadacha, in 2024. Mar sin féin, agus infheistíocht agus táirgeadh onnmhairiúcháin ag brath go mór ar ionchuir allmhairithe, bhí an méadú bliantúil ar allmhairí níos substaintiúla (+ 6,8 %). Ar an iomlán, bhí rannchuidiú na nglan-onnmhairí le fás OTI fós diúltach. Tháinig borradh faoi mheánbhoilsciú bliantúil praghsanna do thomhaltóirí go 4.1 % in 2025, ó 3,5 % in 2024, arna spreagadh ag praghsanna bia d'ainneoin rialuithe sealadacha praghsanna an rialtais, agus ar an leibhéal intíre mar gheall ar chostais phá a bhí ag ardú, rud a raibh tionchar aige ar sheirbhísí. Choinnigh an banc ceannais seasamh beartais faichilleach, lenar ardaíodh ceanglais chúlchiste agus lenar neartaíodh a ionstraimí macrastaumachta. I mí na Nollag 2025, choigeartaigh sé a chreat beartais airgeadaíochta chun feabhas a chur ar bhainistiú leachtachta agus ar tharchur beartais. Tháinig méadú 2.1 pointe céatadán bliain ar bhliain ar an easnamh sa chuntas reatha in 2025 go 4,3 % de OTI, go príomha mar gheall ar bharrachas níos ísle i gcomhardú an ioncaim thánaistigh agus i gcomhardú na seirbhísí. Tháinig laghdú ar ghlan-insreafaí infheistíochta díri coigríche ó leibhéal thar a bheith ard in 2024 (6,6 %) go 2,2 % de OTI in 2025, mar thoradh ar eis-sreafaí móra iasachtaithe idir cuideachtaí seachas laghdú ar infheistíochtaí úrnua. Bhí an beartas fíoscach fós leathnaitheach. Tháinig laghdú 0,5 pointe céatadán ar an easnamh rialtais ghinearálta i dtéarmaí

¹⁰ Cinneadh (AE) 2026/188 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an Dé Máirt 20 Eanáir 2026 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Ríocht Haisimíteach na hIordáine, IO L, 2026/188, 23.1.2026.

bliantúla go 4 % de OTI in 2025, mar a dhírigh an rialtas air. Le buiséad lár na bliana lena n-athchothromaítear caiteachas caipitil chun gealltanais nua chaiteachais a chistiú, go háirithe maidir le pá agus pinsin na hearnála poiblí. Ag deireadh 2025, bhí leibhéal fiachais phoiblí na Macadóine Thuaidh thart ar 10 bpointe céatadáin os cionn an leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim (2019), arbh é a bhí ann 59,6 % de OTI, agus tháinig méadú 11,3 pointe céatadáin ar fhiachas ginearálta an rialtais go 51,8 % sa tréimhse sin.

I mí Feabhra 2023, ghlac an Coimisiún togra chun cúnamh macrairgeadais a sholáthar don Mhacadóin Thuaidh, suas le EUR 100 milliún in iasachtaí, atá le heisíoc in dhá thráthchuid chomhionanna. D'fhormheas na comhreachtóirí an oibríocht i mí Iúil 2023¹¹, agus shínigh an Coimisiún agus údarais na Macadóine Thuaidh an MT i mí Eanáir 2024. Tá 20 coinníoll beartais in MT (a mbaineann ocht gcinn díobh leis an gcéad tráthchuid) sna réimsí seo a leanas: airgeadas poiblí, timpeallacht an ghnó, oideachas agus margadh an tsaothair, fuinneamh, na breithiúna, dea-rialachas agus an comhrac i gcoinne an éillithe. D'eisíoc an Coimisiún an chéad tráthchuid de EUR 50 milliún i mí Aibreáin 2024, tar éis dó a mheasúnú gur comhlíonadh na coinníollacha gaolmhara uile.

Go dtí seo, níor eisíocadh an dara tráthchuid de EUR 50 milliún toisc nár iarr na húdarais na cistí, agus dá bhrí sin níor chuir siad ráiteas comhlíontachta isteach maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe beartais a ghabhann leis. Tar éis do shocrú na Líne Réamhchúraim agus Leachtachta le CAI dul in éag i mí na Samhna 2024, níor tháinig an Mhacadóin Thuaidh ar chomhaontú maidir le clár eisíocaíochta nua le CAI, atá ar cheann de na réamhchoinníollacha chun tráthchuid cúnaimh macrairgeadais a scaoileadh. Tiocfaidh deireadh le tréimhse infhaighteachta na hoibríochta cúnaimh macrairgeadais i mí Lúnasa 2026.

3. A ÁIRITHIÚ GO nÚSÁIDFEAR CISTÍ CÚNAIMH MACRAIRGEADAIS I gCEART: MEASÚNUITHE OIBRÍOCHTÚLA AGUS MEASTÓIREACHTAÍ EX POST

3.1 Measúnuithe oibríochtúla

I gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509¹² ('an Rialachán Airgeadais'), cuireann an Coimisiún measúnuithe oibríochtúla i gcrích le cuidiú comhairleoirí seachtracha chun dearbhuithe réasúnacha a fháil ar fheidhmiú nósanna imeachta riaracháin agus scagchuarda airgeadais sna tíortha is tairbhíthe.

Scrúdaítear i measúnuithe oibríochtúla córais bainistíochta airgeadais phoiblí, go háirithe leagan amach institiúideach agus nósanna imeachta na n-aireachtaí airgeadais agus na mbanc ceannais, agus go sonrach bainistiú na gcuntas a fhaigheann cúnamh airgeadais ón Aontas. Tugtar aird ar leith freisin ar fheidhmiú, neamhspleáchas agus cláir oibre na n-institiúidí iniúchóireachta seachtracha, agus ar éifeachtacht a rialuithe. Ina theannta sin, déantar athbhreithniú ar nósanna imeachta soláthair phoiblí ar an leibhéal lárnach.

¹¹ Cinneadh (AE) 2023/1461 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Phoblacht na Macadóine Thuaidh, IO L 180, 17.7.2023, lch. 1.

¹² Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, IO L, 2024/2509, 26.9.2024.

Rinneadh measúnú oibríochtúil ar scagchuarda riaracháin agus airgeadais na hÚcráine in 2022, roimh an tacaíocht cúnaimh macrairgeadais eisceachtúil (2022), MFA+ (2023), agus an clár Cúnaimh Macrairgeadais faoin tionscnamh Iasachtaí lena nGéaraítear an tIoncam Urghnách don Úcráin (2024-2025). Thángthas ar an gconclúid ann go ndearnadh dul chun cinn suntasach maidir le córais bainistíochta airgeadais phoiblí agus scagchuarda airgeadais eile a neartú ó rinneadh an measúnú roimhe sin in 2018. Cuireadh i dtábhacht ann freisin tiomantas leanúnach údaráis na hÚcráine d'fheabhas leanúnach. Cuireadh i dtábhacht sa mheasúnú tús áite a thabhairt d'athchóirithe ar bhainistíocht airgeadais phoiblí i bpríomhréimsí agus moladh gníomhaíocht bhreise a luaith a thiocfaidh feabhas ar an tslándáil, i bhfianaise na n-iarrachtaí móra atógála atá romhainn.

Go luath in 2026, i bhfianaise na hoibríochta cúnaimh macrairgeadais nua don Úcráin a bhfuil coinne léi, thionscain an Coimisiún measúnú oibríochtúil nua ar scagchuarda riaracháin agus airgeadais na tíre. Thángthas ar an gconclúid sa mheasúnú go cuireadh feabhas mór ar chórais bainistíochta airgeadais phoiblí na hÚcráine agus ar scagchuarda airgeadais eile ó rinneadh an measúnú in 2022. Ar thaobh amháin, mhol sí fócas agus tiomantas leanúnach an rialtais in ainneoin an chogaidh fhada agus na ndálaí atá ag dul in olcas sa tír, agus thug sí dá haire neart fianaise chun a thabhairt le fios go bhfuil roinnt athchóirithe chun feabhas a chur ar shaincheistean, córais agus próisis rialála rithabhachtacha curtha chun feidhme nó go bhfuil siad fós ar siúl. Ar an taobh eile, cuireadh i dtábhacht sa mheasúnú go mbeadh gá le go leor de na hathchóirithe rialála a thástáil sa chleachtas agus cuireadh i dtábhacht ann go mbeadh gá le haire na n-údarás a thabhairt ar roinnt réimsí criticiúla a luaith a athbhunófar an gnáthshaol san Úcráin.

In 2023, rinneadh measúnú oibríochtúil ar an Macadóin Thuaidh roimh an oibríocht cúnaimh macrairgeadais. Fuarthas amach sa mheasúnú go raibh scagchuarda airgeadais agus nósanna imeachta airgeadais na tíre sásúil agus measadh go raibh na córais bainistíochta airgeadais phoiblí fóna den chuid is mó, agus tugadh faoi deara an dul chun cinn suntasach a rinneadh le déanaí.

A mhéid a bhaineann leis an Éigipt agus leis an Iordáin, rinneadh measúnuithe oibríochtúla in 2024 mar ullmhúchán dá n-oibríochtaí cúnaimh macrairgeadais faoi seach. San Éigipt, suíodh leis an measúnú go raibh dul chun cinn mór déanta ag na húdaráis, lena n-áirítear reachtaíocht nua a thabhairt isteach lena rialaítear bainistíocht airgeadais phoiblí agus oibríochtaí baincéireachta, agus thángthas ar an gconclúid go raibh creat bainistíochta airgeadais phoiblí agus scagchuarda airgeadais leordhóthanach le haghaidh cúnamh macrairgeadais, dá gcoinneofaí móiminteam athchóirithe ar bun.

Ba é an measúnú oibríochtúil don Iordáin an dara measúnú ó bhí 2020 ann agus dearbhaíodh an dul chun cinn maidir le feabhas a chur ar chórais bainistíochta airgeadais phoiblí agus ar éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí. Mar sin féin, sainithníodh roinnt dúshlán ann freisin, amhail neamhspleáchas agus trédhearcacht theoranta an Bhiúró Iniúchóireachta, tearcúsáid an Choiste um Athbhreithniú ar Ghearáin Soláthair, agus margadh tánaisteach éadomhain le haghaidh urrúis rialtais. D'ainneoin na saincheistean sin, thángthas ar an gconclúid sa mheasúnú gur sholáthair scagchuarda riaracháin agus airgeadais na hIordáine bunús láidir chun oibríochtaí cúnaimh macrairgeadais a chur chun

feidhme. Léiríodh cuid de na laigí a sainaithníodh i gcoinníollacht bheartais na n-oibríochtaí faoi seach¹³.

3.2 Meastóireachtaí

I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais agus leis na cinntí cúnaimh macrairgeadais faoi seach, déanann an Coimisiún meastóireachtaí *ex post* go córasach tar éis oibríochtaí cúnaimh macrairgeadais a thabhairt chun críche. Is é is cuspóir do na meastóireachtaí sin anailís a dhéanamh ar thionchar an chúnaimh macrairgeadais ar gheilleagar na tíre is tairbhí, go háirithe ar inbhuanaitheacht a seasaimh sheachtraigh, agus measúnú a dhéanamh ar bhreisluach idirghabháil an Aontais.

I mí Eanáir 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún an mheastóireacht chomhpháirteach *ex post* ar oibríochtaí cúnaimh macrairgeadais i dtrí thír i gComharsanacht an Oirthir (an Mholdóiv, an tSeoirsia agus an Úcráin) idir 2017 agus 2020. I gcás na dtrí thír uile, thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht go raibh tionchar dearfach ag na hoibríochtaí ar inbhuanaitheacht fiachais agus ar chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch na tíre. Bhí tábhacht ar leith ag baint leis sin don Úcráin, i bhfianaise scála níos mó na hoibríochta agus staid eacnamaíoch dhúshlánach na tíre. Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht freisin gur éirigh leis na trí oibríocht athrú dearfach a chothú i roinnt príomhréimsí athchóirithe, lena n-áirítear rialachas agus frithéilliú, agus go raibh siad comhsheasmhach le creat beartais níos leithne an Aontais, ag teacht le cláir oibre athchóirithe na n-údarás agus le cláir deontóirí eile.

I mí na Nollag 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún an mheastóireacht *ex post* ar oibríochtaí cúnaimh macrairgeadais COVID-19 le haghaidh 10 dtír chomhpháirtíochta (2020-2022). Sa mheastóireacht, rinneadh measúnú ar an bpacáiste cúnaimh macrairgeadais dar luach EUR 3 bhilliún a soláthraíodh in 2020 do chomhpháirtithe ar fud réigiúin Chomharsanacht an Oirthir, na mBalcán Thiar agus Chomharsanacht an Deiscirt chun tionchar eacnamaíoch phaindéim COVID-19 a mhaolú. Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht gur freagairt thráthúil, spriocdhírthe agus an-ábhartha a bhí sa phacáiste ar an suaitheadh eacnamaíoch nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Bhí an ionstraim in ann freagairt thapa agus éifeachtach a thabhairt ar shuaitheadh seachtrach sistéamach a dhéanann difear do thíortha éagsúla ag an am céanna gan cáilíocht na hidirghabhála cúnaimh macrairgeadais, dul chun cinn maidir leis na hathchóirithe chun bainistiú maicreacnamaíoch a fheabhsú, ná rialachas eacnamaíoch agus trédhearcacht a chur i mbaoil. Chothaigh sé fás inbhuanaithe agus coinníollacht bheartais ghaolmhar freisin.

In 2025, sheol an Coimisiún meastóireacht *ex post* ar na ceithre oibríocht cúnaimh macrairgeadais a soláthraíodh don Úcráin ó 2022 go 2023 mar ranníocaíocht mhór le maoiniú riachtanais chistiúcháin láithreacha na tíre i bhfianaise chogadh foghach na Rúise (Cúnamh macrairgeadais éigeandála, MFAnna eisceachtúla I agus II, agus an Ionstraim

¹³ I gcás Mheabhrán Tuisceana chúnamh macrairgeadais IV na hIordáine, chuidigh an measúnú oibríochtúil le roinnt beart a mhúnlú, lena n-áirítear: (i) a cheangal go ndéanfar achoimre i dtuarascáil bhliantúil soláthair ar ghearáin a bhaineann le soláthar agus ar thorthaí réitigh díospóidí; (ii) neamhspleáchas an Bhiúro Iniúchóireachta a neartú trí tharraingt siar de réir a chéile ó ghníomhaíochtaí iniúchóireachta *ex ante* in aonaid rialaithe inmheánaigh; agus (iii) raon feidhme thuarascáil bhliantúil an Bhiúro Iniúchóireachta a leathnú go mór, ag tosú leis an eagrán lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí 2025.

MFA+, dar luach EUR 1,2, 6 agus 18 mbilliún faoi seach). Breithneofar sa mheastóireacht comhthéacs eisceachtúil tíre atá á cosaint féin ar chogadh foghach agus práinn na riachtanas maoiniúcháin, chomh maith le sainiúlachtaí deartha na n-oibríochtaí a eascraíonn as sin.

4. FORBAIRTÍ GINEARÁLTA MAIDIR LEIS AN IONSTRAIM CÚNAIMH MACRAIRGEADAIS

4.1 Feidhmiú na hionstraime cúnaimh macrairgeadais

Le Dearbhú Comhpháirteach 2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cúnamh macrairgeadais¹⁴, sainithníodh go bhfuil cineál maicreacnamaíoch airgeadais ag an gcúnamh agus luaitear go sonrach ann gurb é is aidhm don chúnamh ‘staid inbhuanaithe a athbhunú maidir le hairgeadas seachtrach i gcás tíortha incháilithe agus críocha a bhfuil deacrachtaí acu le maoiniú seachtrach’. Mar ionstraim éigeandála, ní mór, dá bhrí sin, cúnamh macrairgeadais a shlógadh go héifeachtach agus go tráthúil. Is minic a sainithníodh go dtógann an chinnteoireacht a bhaineann leis an ngnáthnós imeachta reachtach go leor ama, rud atá ina shrian suntasach ar uirlis ghéarchéime atá ceaptha freagairt thapa a thabhairt ar ghéarchéim maidir le comhardú na n-íocaíochtaí.

Mar sin féin, in imthosca eisceachtúla a bhain le géarchéim COVID-19 agus cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, glacadh na pacáistí cúnaimh macrairgeadais ábhartha go tapa, toisc gur bhain na hinstiúidí uile leas iomlán as na solúbthachtaí nós imeachta a bhí ar fáil. Sna cásanna sin, chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na nósanna imeachta práinne atá ann cheana a chur i bhfeidhm, rud a d’fhágfadh go bhféadfaí iad a ghlacadh laistigh de mhí amháin ó na tograí ón gCoimisiún. D’agair Parlaimint na hEorpa Riail 163 dá Rialacha Nós Imeachta chun dul ar aghaidh go pras leis an togra reachtach agus é a ghlacadh go díreach sa suí iomlánach, rud a dhéanann cuíchóiriú ar an gcomhairliúchán leis na coistí.

Déantar foráil i Rialacha Nós Imeachta Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle araon maidir le nósanna imeachta práinne lena gcumasaítear glacadh tapa i gcásanna eisceachtúla. Tá an nós imeachta caighdeánach i bhfad níos faide, mar a léirítear sa togra ón gCoimisiún maidir le ‘MFA IV’ le haghaidh na hIordáine, a mhol an Coimisiún i mí Aibreáin 2024 agus a ghlac na comhreachtóirí i mí Aibreáin 2025. Bhí an tréimhse ama sin mar thoradh go páirteach ar thoghcháin Parlaimint na hEorpa i mí an Mheithimh 2024 agus ar athbhunú a coistí ina dhiaidh sin. Os a choinne sin, glacadh ‘MFA V’ don Iordáin i bhfad níos tapúla, leis an togra ón gCoimisiún i mí Lúnasa 2025 agus le formheas na gcomhreachtóirí i mí Eanáir 2026. I gcás na hÉigipte, mar gheall ar an ngá práinneach a bhí le tacaíocht a chur ar fáil sa dara leath de 2024, mhol an Coimisiún go heisceachtúil i mí an Mhárta 2024 an chéad oibríocht phráinneach ghearrthéarmach cúnaimh macrairgeadais faoi Airteagal 213 CFAE (is infheidhme i gcásanna ina bhfuil gá le cúnamh airgeadais práinneach, agus nach gá ach don Chomhairle í a ghlacadh). Mar sin féin, mhol an Coimisiún formhór na tacaíochta a sholáthar tríd an dara hoibríocht cúnaimh

¹⁴ Cinneadh Uimh. 778/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Lúnasa 2013 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais breise don tSeoirsia, IO L 218, 14.8.2013, lch. 15.

macrairgeadais a bhí níos meántearmaí i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta faoi Airteagal 212 CFAE (lena mbaineann an dá chomhreachtóir).

I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur leasaíodh an nós imeachta simplithe chun cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa a ghlacadh. Murab ionann agus an nós imeachta práinneach, ní éilítear leis an nós imeachta simplithe iarraidh ón Uachtarán go ndéileálfaí leis an togra mar thogra práinneach agus déantar an próiseas glactha a chuíchóiriú leis trí níos lú céimeanna formheasa a éileamh ná an nós imeachta caighdeánach. Níor úsáideadh an nós imeachta sin go fóill le haghaidh cúnamh macrairgeadais leanúnach, ach d'fhéadfadh sé a bheith ag teacht go maith le cineál éigeandála an chúnaimh macrairgeadais; is díol sásaimh é i dtreo éifeachtacht na n-oibrióchtaí tráthrialta a mhéadú.

4.2 Cúnamh macrairgeadais i gcreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027

Is iad saintréithe thréimhse reatha an chreata airgeadais ilbhliantúil an iliomad géarchéimeanna, teannas geopholaitiúil an-ard agus éiginnteacht a bhuail tíortha comhpháirtíochta an Aontais agus a chuir lena leochaileachtaí struchtúracha eacnamaíocha. In ord croineolaíoch, áirítear orthu sin iarmhairtí eacnamaíocha phaindéim COVID-19, cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus, le déanaí, na coinbhleachtaí atá ag dul in olcas sa Mheánoirthear. I bhfianaise an mhéid sin, tá éileamh mór ar chúnamh macrairgeadais le blianta beaga anuas, rud a léiríonn gur príomhcholún é de fhreagairt an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar éagobhsaíocht mhaicreacnamaíoch ina chomharsanacht (lena n-áirítear tíortha is iarrthóirí), rud a chomhlánaíonn beartais sheachtracha an Aontais agus a chuidíonn le tíortha comhpháirtíochta athchóirithe criticiúla a chur chun feidhme. I bhfianaise an ionchais dhomhanda leanúnaigh atá dúshlánach, is dócha go leanfaidh an gá atá ag an Aontas cúnamh macrairgeadais a sholáthar de bheith ard sna blianta amach romhainn.

Ráthaítear iasachtaí cúnaimh macrairgeadais leis an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha faoi Rialachán (AE) 2021/947¹⁵ ('ICFCI_An Eoraip Dhomhanda') ag ráta soláthair 9 % ar leibhéal na punainne, mar ab amhlaidh maidir le creata airgeadais ilbhliantúla roimhe seo. Agus aitheantas á thabhairt don staid eisceachtúil a bhaineann le hiasachtaí a thabhairt do thír atá i mbun cogaidh, gan tacaíocht ó chlár eisíoca CAI ar dtús, socraíodh soláthar don Úcráin ag 70 %, ag tosú leis an gcúnamh macrairgeadais eisceachtúil in 2022.

Socraíodh an buiséad iomlán a cuireadh in áirithe ar dtús chun iasachtaí cúnaimh macrairgeadais a sholáthar ag thart ar EUR 1 bhilliún sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha, arb ionann é agus méid iasachta EUR 11 bhilliún. I bhfianaise thacaíocht shuntasach an Aontais don Úcráin trí chúnamh macrairgeadais in 2022, a ráta soláthair níos airde, agus teannas méadaitheach sa Mheánoirthear, úsáideadh níos mó ná dhá thrían den soláthar a cuireadh in áirithe faoi dheireadh 2023. I gcomhthéacs an athbhreithnithe meántearma ar Chreat Airgeadais Ilbhliantúil, cinneadh an buiséad chun iasachtaí cúnaimh macrairgeadais a sholáthar a threisiú le EUR 180 milliún. Leis sin, bhíodhas in ann

¹⁵ Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda; IO L 209, 14.6.2021, lgh. 1–78

acmhainní leordhóthanacha a shlógadh chun cúnamh macrairgeadais gearrthéarmach don Éigipt de suas le EUR 1 bhilliún a chistiú, agus oibríocht tráthrialta cúnaimh macrairgeadais don Éigipt de suas le EUR 4 bhilliún, a ghlac na comhreachtóirí i mí Aibreáin 2025, agus ag an am céanna fágadh spás éigin le haghaidh oibríochtaí cúnaimh macrairgeadais eile go dtí deireadh 2027 (féach Roinn 5 le haghaidh liosta d'oibríochtaí cúnaimh macrairgeadais arna gcistiú ó 2021 go 2027).

Ós rud é nach féidir géarchéimeanna a thuar de réir a gcineáil, tá sé ríthábhachtach buiséad sách mór a choinneáil le haghaidh oibríochtaí cúnaimh macrairgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo sa 2 bhliain atá fágtha den Chiste Airgeadais Ilbhliantúil seo (2026-2027). D'fhéadfadh an buiséad atá ar fáil ar an dáta tuairiscithe suas le EUR 2,2 billiún d'iasachtaí a chumhdach ag an ngnáthráta soláthair 9 %. Maidir le hiasachtaí a dheonaítear don Úcráin mar chuid den chlár MFA+ agus den iasacht Cúnaimh Macrairgeadais faoin tionscnamh Iasachtaí lena nGéaraítear an tIoncam Urghnách don Úcráin (EUR 18 mbilliún agus EUR 18,1 billiún faoi seach), tacaítear leo leis an lamháltas faoi uasteorainn na n-acmhainní dílse agus ní sholáthraítear *ex ante* iad. Tugtar cúlstop dóibh leis an bhféidearthacht acmhainní dílse breise a iarraidh ar na Ballstáit tar éis gach féidearthacht eile laistigh den chreat buiséadach atá ann cheana a ídiú. I gcás na hoibríochta Cúnamh Macrairgeadais faoin tionscnamh Iasachtaí lena nGéaraítear an tIoncam Urghnách don Úcráin, soláthraítear tacaíocht mhór airgeadais le haisíocaíochtaí iasachta (lena n-áirítear ús agus aon chostas eile a bhaineann leis an iasacht) ón ioncam urghnách a eascraíonn as sócmhainní blocáilte bhanc ceannais na Rúise.

4.3 Cúnamh macrairgeadais mar a mholtar sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile 2028-2034, togra ón gCoimisiún

Thíolaic an Coimisiún a thograí don chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile an 16 Iúil agus an 3 Meán Fómhair 2025, lena n-áirítear an ceann don Eoraip Dhomhanda ¹⁶, an phríomhionstraim maoinithe le haghaidh gníomhaíocht sheachtrach. Le buiséad EUR 200 billiún atá beartaithe, is é is cuspóir don Eoraip Dhomhanda tacú le méadú, comharsanacht, comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta agus cabhair dhaonnúil an Aontais. Ina theannta sin, chun tacú le tacaíocht bhuanseasmhach an Aontais don Úcráin, féadfar EUR 100 billiún breise a shlógadh don Úcráin le linn 2028-2034.

Áirítear san Eoraip Dhomhanda úsáid níos leithne a bhaint as ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha agus iasachtaí a fhaigheann tacaíocht ó bhuiséad an Aontais chun gearáil a mhéadú i ngníomhaíochtaí maoiniúcháin i dtíortha comhpháirtíochta. Ar bhonn an togra, dhéanfaí an soláthar le haghaidh iasachtaí cúnaimh macrairgeadais a fhoinsiú ó bhuiséad na hEorpa Domhanda, cé go leanfadh rialachas na n-oibríochtaí cúnaimh macrairgeadais de bheith sonrach, mar atá faoi láthair faoi Rialachán ICFCI. Chaomhnódh sé sin an chothromaíocht idirinstiúideach atá ann faoi láthair maidir le cinnteoireacht i dtaca le cúnamh macrairgeadais, i gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach 2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Bheadh cúnamh macrairgeadais fós ar fáil in éineacht leis na hiasachtaí atá bunaithe ar bheartais atá beartaithe mar ionstraim chomhlántach laistigh den bhosca uirlisí maoiniúcháin seachtrach, rud a chuirfeadh ar a

¹⁶ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Eoraip Dhomhanda, COM/2025/551 final

chumas don Aontas leanúint de bheith ag freagairt do ghéarchéimeanna maidir le comhardú na n-íocaíochtaí i dtíortha comhpháirtíochta, in éineacht le CAI.

Tá tús curtha leis an gcaibidlíocht maidir leis an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile, agus tá a seasamh á bhunú ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle.

5 AG BREATHNÚ CHUN CINN – OIBRÍOCHTAÍ CÚNAIMH MACRAIRGEADAIS AGUS AN STAID BHUISÉADACH IN 2026

I bhfianaise cineál neamh-chlársceidealta cúnaimh macrairgeadais atá faoi thionchar géarchéime, is deacair tuar cruinn a sholáthar le haghaidh oibríochtaí a bheidh ann amach anseo don chuid eile den chreat airgeadais ilbhliantúil atá i bhfeidhm faoi láthair. Dá bhrí sin, díreann sa roinn seo ar oibríochtaí a formheasadh cheana in 2026 agus léirítear inti oibríochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, agus béim á leagan ar an timpeallacht gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa.

I gComharsanacht an Oirthir, tá tionchar mór eacnamaíoch fós ag cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar an réigiún. Is iad an Úcráin agus an Mholdóiv is mó atá neamhchosanta. Tá an dá thír fós ag brath ar chabhair nach beag idirnáisiúnta, agus tá ról lárnach ag an Aontas ina leith sin.

I bhfianaise chogadh foghach leanúnach na Rúise agus na riachtanas suntasach leanúnach maoinithe agus cosanta atá roimh an Úcráin mar thoradh air sin, chomhaontaigh ceannairí an Aontais an 18 Nollaig 2025¹⁷ iasacht tacaíochta iontaofa teoranta nua EUR 90 billiún a chur ar fáil le haghaidh 2026-2027, arna maoiniú trí iasachtaíocht an Aontais ar mhargaí caipitil, le tacaíocht ó lamháltas an Aontais. Ní bheidh an iasacht in-aisíochta go dtí go bhfaighidh an Úcráin cúiteamh, agus áirítear le slógadh ráthaíocht buiséadach an Aontais faoin gcomhar feabhsaithe nach ndéanfar difear d'oibleagáidí airgeadais na mBallstát neamh-rannpháirteach (an tSeicia, an Ungáir agus an tSlóvaic).

Agus é ag cur leis an gcomhaontú polaitiúil sin, ghlac an Coimisiún pacáiste reachtach an 14 Eanáir 2026 ina bhfuil togra lena mbunaítear an Iasacht Tacaíochta don Úcráin agus leasuithe ar an Rialachán maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil agus ar an Rialachán maidir leis an tSaoráid don Úcráin. Ghlac na comhreachtóirí an pacáiste maidir leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin idir mí Feabhra agus mí Aibreáin 2026¹⁸. Cuirfidh an creat tacaíochta nua cúnamh buiséadach substaintiúil de thart ar aon trian den Iasacht Tacaíochta don Úcráin ar fáil trí mheascán ionstraimí, lena n-áirítear cúnamh macrairgeadais agus cistiú a chuirtear ar fáil tríd an tSaoráid don Úcráin agus trí ghné chosanta na hIasachta Tacaíochta don Úcráin.

Díreoidh comhpháirt an chúnaimh macrairgeadais ar choinníollacha lena neartaítear slógadh ioncaim intíre chomh maith le hinbhuanaitheacht agus cáilíocht an chaiteachais

¹⁷ Conclúidí ón gComhairle Eorpach, an 18 Nollaig 2025.

¹⁸ Rialachán (AE) 2026/467 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2026 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú na hIasachta Tacaíochta don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027, IO L, 2026/467, 26.2.2026; Rialachán (AE) 2026/468 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2026 lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/792 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin, IO L, 2026/468, 26.2.2026; Rialachán (AE) 2026/469 ón gComhairle an 23 Aibreán 2026 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027, IO L, 2026/469, 23.4.2026.

phoiblí. Lorgóidh sé comhlántacht leis an gclár nua CAI agus déanfaidh sé iarracht aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna an éillithe san airgeadas poiblí. Sa bhreis ar chúnamh macrairgeadais, cuirfear leis an tSaoráid don Úcráin (2024-2027), ar fiú EUR 50 billiún í, arb é is aidhm di tacú le príomh-athchóirithe struchtúracha i gconair na hÚcráine i dtreo aontachas leis an Aontas, tríd an Iasacht Tacaíochta don Úcráin.

Ina theannta sin, is é is aidhm do Phlean Fáis na Moldóive dar luach suas le EUR 1.9 billiún in 2025 go 2027 tacú le cóineasú eacnamaíoch na tíre leis an Aontas agus cuidiú leis an tír a thabhairt níos gaire do bhallraíocht san Aontas trí dhlús a chur le hathchóirithe agus trí rochtain na Moldóive ar mhargadh aonair an Aontais a fheabhsú.

I gComharsanacht an Deiscirt, i mí na Samhna 2022 d'iarr an Túinéis cúnamh macrairgeadais EUR 1.2 billiún chun tacú lena riachtanais mhaoiniúcháin i bhfianaise na timpeallachta domhanda atá ag dul in olcas agus na bpraghsanna arda idirnáisiúnta tráchtarraí. Tháinig sé sin sna sála ar chomhaontú ar leibhéal na foirne ar thángthas air le CAI i mí Dheireadh Fómhair 2022 maidir le saoráid fhadaithe chistiúcháin nua (4 bliana, USD 1,9 billiún). Mar sin féin, níor ghlac Bord CAI an clár toisc nach raibh an Túinéis in ann réamhghníomhaíochtaí a chur chun feidhme, go háirithe athchóiriú ar fhóirdheontais bhreosla. Tar éis d'Uachtarán na Túinése a chur in iúl go raibh sé i gcoinne chlár CAI i mí an Mhárta 2023, laghdaíodh an teagmháil le CAI a mhéid is féidir, agus cuireadh deireadh le faireachas Airteagail IV freisin. Idir an dá linn, tá an brú maoinithe sheachtraigh ar an Túinéis laghdaithe go sealadach ag an turasóireacht bhríomhar agus ag seoltáin atá ag teacht ar bhonn tráthrialta. Faoi réir measúnú cúramach ar réamhchoinníollacha cúnamh macrairgeadais agus ar riachtanais maoinithe sheachtraigh na Túinése, tá an Coimisiún réidh chun togra a ullmhú le haghaidh cúnamh macrairgeadais nua a luaith a bheidh clár CAI i bhfeidhm lena ndeimhnítear toilteanas na tíre aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna a brúnna maoinithe sheachtraigh. Deimhníodh é sin freisin mar chuid den chomhpháirtíocht chuimsitheach idir an tAontas agus an Túinéis a comhaontaíodh i mí Iúil 2023; mar sin féin, tugadh faoi deara go mbeadh gá le hathchóirithe breise a chur chun feidhme go substaintiúil agus go láidir.

I mí Aibreáin 2022, tháinig an Liobáin ar chomhaontú ar leibhéal na foirne le CAI (4 bliana, USD 3 bhilliún), ach go dtí seo, níl ach dul chun cinn teoranta déanta aici ar a liosta fada de réamhghníomhaíochtaí. Tá OTI ag laghdú ó shin, agus tá go leor institiúidí poiblí tar éis stopadh ag feidhmiú agus tá luach caillte ag an airgeadra go mór, rud a fhágann go bhfuil dollarú leathan á dhéanamh ar gheilleagar na Liobáine. I mí Eanáir 2025, thogh Parlaimint na Liobáine uachtarán, agus ceapadh príomh-aire nua cúpla lá ina dhiaidh sin, rud a chuir deireadh le níos mó ná 5 bliana de sháinn pholaitiúil agus a chruthaigh na dálaí le haghaidh brú nua i ndáil le hathchóirithe agus dul i dteagmháil an athuir le CAI. I mí an Mhárta 2025, d'iarr an rialtas nua clár nua CAI go hoifigiúil, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chéim dhearfach chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim eacnamaíoch trí chúnamh idirnáisiúnta agus athchóirithe cuimsitheacha. Ó shin i leith, tá roinnt dul chun cinn déanta ag an rialtas maidir le hathchóirithe ríthábhachtacha, lena n-áirítear trí reachtaíocht a ghlacadh lena réiteofaí go páirteach géarchéim na hearnála baincéireachta. Is réamhchoinníoll iad na hathchóirithe sin do chlár nua CAI. Ó mhí Aibreáin 2026 ar aghaidh, áfach, ní raibh príomhdhlíthe glactha ag an bparlaimint go fóill nó b'éigean iad a athoscailt toisc nár comhlíonadh príomhéilimh CAI ina n-iomláine. Cé go bhféadfadh sé

go gcabhródh cur siar 2 bhliain na gcéad toghchán eile le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na dlíthe sin, is dúshlán breise d'athchóirithe eacnamaíocha é an t-athbhorradh a tháinig le déanaí ar choinbhleachtaí sa tír agus sa réigiún. Tá an Coimisiún réidh chun tacú le clár oibre cuimsitheach um athchóiriú le hoibríocht cúnaimh macrairgeadais a luaithe a chomhlíonfar na réamhchoinníollacha (lena n-áirítear clár eisíoca CAI atá cothrom le dála agus ar an mbóthar ceart).

Tá an Coimisiún réidh le machnamh a dhéanamh ar iarrataí a dhéanfar amach anseo ar chúnamh macrairgeadais, agus más iomchuí, molfaidh sé oibríochtaí nua agus/nó leantacha do chomhpháirtíochtaí incháilithe.

I dTábla 1, tugtar forbhreathnú ar ghealltanais agus íocaíochtaí deontas cúnaimh macrairgeadais agus eisíocaíochtaí iasachtaí cúnaimh macrairgeadais le haghaidh 2023, 2024, 2025 agus (go trialach) 2026.

Tábla 1: Gealltanais agus íocaíochtaí le haghaidh deontais cúnaimh macrairgeadais agus eisíocaíochtaí iasachtaí cúnaimh macrairgeadais 2023-2026 (EUR)¹⁹

	2023	2024	2025	2026
Leithreasuithe faoi chomhar gealltanais le haghaidh deontas sa bhuiséad	45 423 330	57 367 177	59 267 773	61 511 946
Measúnuithe oibríochtúla, meastóireachtaí <i>ex post</i>	350 000	619 440	331 775	750 000
Oibríochtaí cúnaimh macrairgeadais féideartha eile	45 073 330	56 747 737	58 935 998	60 761 946
Gealltanais, san iomlán	45 423 330	57 367 177	59 267 773	-
Leithreasuithe faoi chomhar íocaíochtaí le haghaidh deontas sa bhuiséad	39 880 000	57 367 177	59 267 773	61 511 946
Measúnuithe oibríochtúla, meastóireachtaí <i>ex post</i>	329 765	749 270	331 775	750 000
Cúnamh macrairgeadais don Mholdóiv (Cinneadh (AE) 2022/563) (críochnaithe)	10 000 000	5 000 000	-	-
Cúnamh macrairgeadais don Mholdóiv (breisiú) (Cinneadh (AE) 2023/1165) (críochnaithe)	22 500 000	22 500 000	-	-
Oibríochtaí cúnaimh macrairgeadais féideartha eile	-	-	-	60 761 946
Íocaíochtaí, san iomlán	32 829 765	28 249 270	331 775	61 511 946
Leithdháiltí le haghaidh íocaíochtaí deontas nár úsáideadh	7 050 235	29 117 907	58 935 998	-
Eisíocaíochtaí iasachtaí cúnaimh macrairgeadais		-	-	-
Cúnamh macrairgeadais III don Iordáin (críochnaithe)	200 000 000	-	-	-
Cúnamh macrairgeadais don Mholdóiv (críochnaithe)	40 000 000	45 000 000	-	-
Cúnamh macrairgeadais éigeandála don Úcráin (críochnaithe)	-	-	-	-
Cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin (críochnaithe)	-	-	-	-
Breisiú ar chúnamh macrairgeadais don Mholdóiv (críochnaithe)	50 000 000	50 000 000	-	-
An ionstraim MFA+ don Úcráin (críochnaithe)	18 000 000 000	-	-	-
Cúnamh macrairgeadais don Mhacadóin Thuaidh	-	50 000 000	-	-
Cúnamh macrairgeadais gearrthéarmach don Éigipt (críochnaithe)	-	1 000 000 000	-	-
Cúnamh macrairgeadais don Éigipt – go tráthrialta	-	-	-	1 000 000 000
Cúnamh macrairgeadais don Úcráin (críochnaithe)	-	-	18 115 700 000	-
Cúnamh macrairgeadais don Iordáin IV	-	-	250 000 000	-
Eisíocaíochtaí na n-iasachtaí cúnaimh macrairgeadais uile, san iomlán	18 290 000 000	1 145 000 000	18 365 700 000	1 000 000 000

¹⁹ Ní chuirtear san áireamh sa tábla aon togra le haghaidh oibríochtaí nua cúnaimh macrairgeadais tar éis mhí na Nollag 2025.